V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11226 – DIGITALBRIDGE / OMERS / BEANFIELD)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 299/04)

1. An 4 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— OMERS Administration Corporation ('OMERS', Ceanada),

— DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', na Stáit Aontaithe),

— Beanfield Technologies Inc. ('Beanfield', Ceanada), atá faoi rialú DigitalBridge.

Gheobhaidh OMERS agus DigitalBridge rialú comhpháirteach ar Beanfield de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá OMERS ina riarthóir ar Ontario Municipal Employees Retirement System Primary Pension Plan, ar ciste pinsin Ceanadach é a bunaíodh in 1962. Infheistíonn OMERS i réimse táirgí agus seirbhísí infheistíochta poiblí agus príobháideacha.

— Is gnólacht infheistíochta bonneagair dhigitigh é DigitalBridge a infheistíonn, go díreach agus trína chuideachtaí punainne, i gcúig phríomhréimse: (i) lárionaid sonraí; (ii) crainn chumarsáide; (iii) líonraí snáithín; (iv) mioncheallaí; agus (v) bonneagar imeall-ríomhaireachta.

— Déanann Beanfield roinnt gníomhaíochtaí i réimsí na cumarsáide leictreonaí agus na nascachta, amhail nascacht snáthoptaice, an t-idirlíon agus seirbhísí a bhaineann leis an idirlíon, óstáil néalríomhaireachta, seirbhísí lárionaid sonraí, comhshuíomh agus prótacal idirlín guthaithe, go príomha le haghaidh mhórlimistéir uirbeacha Cheanada.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.11226 – DIGITALBRIDGE / OMERS / BEANFIELD

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË